Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0266

Comhaontú Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Samhain 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Trádala Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a thabhairt i gcrích (05853/2025 – C10-0094/2025 – 2025/0009(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (05853/2025),

– ag féachaint don Chomhaontú Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (05854/2025)

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagail 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0094/2025),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 13 Samhain 2025[1] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0187/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Shingeapór.

---

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0267.